



Gníomhaíocht Daltaí: Iolrú na gCodán a iniúchadh

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, 'Iolrú codán', ar CD an Dalta.


1. (a) Marcáil, le rialóir agus peann luaidhe, $\frac{3}{4}$ den chéad dronuilleog agus $\frac{1}{5}$ den dara dronuilleog, agus samhlaigh na dronuilleoga ag sleamhnú thar a chéile chun $\frac{1}{5}$ de $\frac{3}{4}$ a thabhairt.



- (b) Marcáil $\frac{1}{5}$ den chéad dronuilleog agus $\frac{3}{4}$ den dara dronuilleog, agus samhlaigh an dá dhronuilleog ag sleamhnú thar a chéile chun $\frac{3}{4}$ de $\frac{1}{5}$ a thabhairt. Céard a thugann tú faoi deara?



- (c) Marcáil $\frac{2}{3}$ den chéad dronuilleog agus $\frac{3}{5}$ den dara dronuilleog agus samhlaigh an dá dhronuilleog ag sleamhnú thar a chéile chun $\frac{3}{5}$ de $\frac{2}{3}$ a thabhairt.



2. Bain úsáid as an gcomhad idirghníomhach 'Iolrú codán' do na ceisteanna thíos:

Bog na sleamhnóirí a,b,c agus d, agus déan codáin.

Bog an sleamhnóir anall chun iolrú.
 Toradh an iolraithe, an chuid dhubh.
 (Ní oibríonn sé le leaschodáin anseo.)

Taispeáin an Freagra $\frac{3}{4} \times \frac{1}{2} = \frac{3}{8}$

- (a) Iolraigh $\frac{1}{4}$ faoi $\frac{3}{5}$.
- (b) Iolraigh $\frac{1}{2}$ faoi $\frac{5}{6}$.
- (c) An ionann $\frac{1}{2}$ de $\frac{3}{4}$ agus $\frac{1}{2}$ a iolrú faoi $\frac{3}{4}$? Míniú do fhreagra.
- _____
- (d) Míniú mar a iolraíonn tú codáin.
- _____

3. D'ith Brian $\frac{4}{5}$ dá mhála milseán, agus thug sé an $\frac{1}{4}$ dá raibh fágtha dá dheirfiúr.

- (a) Cén codán den mhála iomlán milseán a fuair a dheirfiúr?
- _____
- (b) Cén codán den mhála iomlán milseán atá fágtha anois?
- _____
- (c) Tomhais céard a bheadh agat dá suimeofa an codán de na milseáin a d'ith Brian, an codán a d'ith a dheirfiúr agus an codán atá fágtha.
- _____
- (d) Déan na figiúirí anois. Míniú do fhreagra i gcomhthéacs na milseán.
- _____
- _____

4. Bhí airgead coigilte ag Vicí. Chaith sí $\frac{5}{6}$ dá raibh coigilte aici ar éadaí nua agus $\frac{1}{3}$ den mhéid a bhí fágtha ar leabhair.

- (a) Cén codán dá coigilteas a chaith sí ar leabhair?
- _____
- (b) Cén codán atá aici anois den bhunsuim a bhí coigilte aici?
- _____
- (c) Más 54 euro a bhí coigilte aici ar dtús, cén tsuim atá aici anois?
- _____